# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
# Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2014
# Gaeilge: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal
# Triail chluastuisceana

Tá trí chuid sa triail seo: Cuid A, Cuid B agus Cuid C.

**Cuid A**
Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid A.

**An chéad chainteoir**
Dia dhaoibh, a chairde. Caitríona Ní Fhíoláin is ainm dom. Rugadh i gCeatharlach mé ar an séú lá is fiche de mhí Aibreáin 1999. Is páiste aonair mé. Tá mé i mo chónaí le mo mhamó mar tá mo mháthair ag obair i nGlaschú. Is banaltra í. Is iad na caithimh aimsire is fearr liom ná an ceol agus an spórt.

**An dara cainteoir**
Cad é mar atá sibh? Aodh Ó Gallchóir anseo. Is as Gaoth Dobhair i gContae Dhún na nGall mé.Tá deirfiúr amháin agam. Máire an t-ainm atá uirthi. Is iriseoir le TG4 mo mháthair. Tiománaí bus m'athair agus tá sé ag obair le Bus Éireann. Tá beirt chairde agam, Siobhán agus Kitty. Bhí muid ag an phictiúrlann aréir.

**Cuid B**
Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid B.

**Fógra**
Gabhaim pardún agaibh, a mhúinteoirí agus a dhaltaí. An príomhoide anseo. Ní bheidh staidéar oíche ar siúl tar éis na scoile an tseachtain seo. Beimid ag glanadh agus ag maisiú halla na scoile le haghaidh chuairt an Uachtaráin Dé hAoine. Go raibh maith agaibh.

**Píosa nuachta**
Bhí lá mór ag na daltaí agus ag na múinteoirí i gColáiste Oiriall i gContae Mhuineacháin ar an fichiú lá de Bhealtaine 2013. Thug Raidió na Gaeltachta cuairt ar an choláiste agus rinne siad clár uair a' chloig futhu. Comhghairdeachas le gach duine sa scoil.

**Cuid C**
Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid C.

**Comhrá a haon**
**Colmán:** An í sin Muireann Ní Luasaigh? Colmán Ó Céilleachar anseo.
**Muireann:** Is í. Dia dhuit, a Cholmáin. Conas taoi?
**Colmán:** D'fhéadfainn bheith níos fearr, a Mhuireann. Tógadh mo rothar ón scoil

tráthnóna. Dúradh liom labhairt leat faoi. Bhuel, a chailín?

**SOS**

**Muireann:** Ó! Thóg mise do rothar ar iasacht. Shíl mé go raibh tú ag imirt peile.
**Colmán:** Ní raibh mé. Bhí orm fanacht siar sa scoil mar bhí mé déanach ar maidin.
**Muireann:** Tá brón orm, a Cholmáin. Beidh mé féin agus do rothar chugat i gceann deich nóiméad.
**Colmán:** Mo rothar atá uaim. Ní bhacaim le gadaithe, a Mhuireann.

**Comhrá a dó**
**Dearbhail:** Dia dhuit, a Aoife. Dearbhail anseo.
**Aoife:** Bhuel, Dia is Muire dhuit, a strainséir. Níor chuala mé uait le fada an lá.
**Dearbhail:** Bhí mé sa Bhruiséil le coicís anuas.
**Aoife:** Inis dom faoi.
**Dearbhail:** Bhí ceathrar daltaí as Éirinn ag labhairt le Parlaimint na hEorpa agus bhí mise ar dhuine acu.

**SOS**

**Aoife:** Agus cad a dúirt tú?
**Dearbhail:** Labhair mé faoi dhaoine óga in Éirinn sa lá atá inniu ann.
**Aoife:** Tá súil agam gur éist na polaiteoirí ansin leat.
**Dearbhail:** Thug siad bualadh bos dom ar aon nós.
**Aoife:** Ar labhair tú as Gaeilge leo?
**Dearbhail:** Labhair mé. Tá córas aistriúcháin sa pharlaimint.
**Aoife:** Maith thú. Rinne tú gaisce.
**Dearbhail:** Go raibh míle maith agat.

**Sin deireadh na trialach. Slán.**